

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2005

# Clár

Athbhreithniú Oibríochtaí	3
Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile	15
Tuarascáil na Stiúrthóirí	16
Ráiteas d'Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí	19
Tuarascáil na nIníochóirí	20
Príomhbheartais Cuntasaíochta	22
Cuntas Brabúis agus Caillteanais	24
Clár Comhardaithe	25
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgead	26
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	27



Ba mhian le hIarnród Éireann aitheantas a thabhairt don mhaoiniú ar olltionscadail ag Rialtas na hÉireann faoi bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006, mar aon le cômhaoiniú ag an Aontas Eorpach.

**Grianghrafadóir:** Mark McCall

**Dearadh:** firstimpression

# Athbhreithniú Oibríochtaí

## 2005: Forbairt leanúnach agus leathnú ar sheirbhísí

- Léiríonn torthaí Iarnród Éireann do 2005 barrachas foriomlán de €7.5 milliún, (tar éis míreanna eisceachtúla de €7.9 milliún), i gcomparáid le glan-easnamh de €16.7 milliún i 2004, feabhsúchán de €24.2 milliún.
- Lean Iarnród Éireann ag cur lena ngnó paisinéirí i rith 2005 le líon níos mó seirbhísí, ag iompar 9% níos mó paisinéirí ar stoc rollta le cumas níos mó, an gnó paisinéirí is tapúla atá ag fás san AE.
- Leanadh ag feabhsú ardchaighdeán na seirbhíse chuig paisinéirí trí fheidhmíocht oibríochta níos fearr, stoc rollta nua a thabhairt isteach agus tionscnaimh seirbhíse do chustaiméirí ar nós ticéadú ar líne agus saoráidí stáisiúin níos fearr.
- Tá sábháilteacht agus slándáil an iarnróid mar an tosaíocht is mó atá ag an gcuideachta i gcónaí agus chuidigh infheistíocht sábháilteachta leanúnach, faire ón bhfoireann agus córais rialála foirmiúla feabhsaithe chun feabhas a chur ar staitisticí sábháilteachta.
- Feabhsaíodh seirbhísí do chustaiméirí faoi bhac gluaiseachta trí shaoráidí stáisiúin a uasghrádú ar feadh líne an DART agus stoc rollta nua-aimseartha a thabhairt isteach.
- D'fhorhnuigh an Rialtas pleananna forbartha an iarnróid agus táthar ag fáil tacaíochta ó fhógra Iompar 21 a bhfuil athrú céime maidir le forbairt iarnróid san áireamh ann. Méadóidh an tollán Idircheanglóra a nascóidh an líne ó Thuaidh, via na Dugthailte agus líne Chill Dara via Stáisiún Heuston le lár na cathrach, faoi cheathair an cumas daoine a bheidh ábalta taisteal ar ghréasán coimaitéara Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath.
- D'oibrigh fórsa oibre Iarnród Éireann go spreagúil ag cur go mór le leathnú na seirbhísí agus bhí tréimhse shuaimhneach thionsclaíoch ann nach rabhthas ag súil leis agus chinntigh sin nach cuireadh isteach ar an tseirbhís agus nach cailleadh aon ioncam.

# Athbhreithniú Oibríochtaí (ar leanúint)

## Torthaí Airgeadais


Ba é an barrachas i 2005, roimh mhíreanna eisceachtúla ná €15.4 milliún i comparáid le barrachas de €2.4 milliún i 2004, sin feabhsúchán de €13 milliún. Chuir méadú ar ioncam paisinéirí agus smacht láidir ar chaiteachas go mór leis an bhfeidhmíocht airgeadais feabhsaithe seo.

Tá cailleanais ioncaim arna mheasúnú ag €3.4 milliún ag eascairt as dúnadh seirbhísí DART ar go leor deiridh seachtaine le linn na bliana chun deis a thabhairt tionscadal uasghrádú DART a thabhairt chun críche chomh luath agus is féidir san áireamh sna torthaí oibríocháin .

Saothraíodh barrachas foriomlán de €7.5 milliún, tar éis míreanna eisceachtúla de €7.9 milliún, i 2005, i gcomparáid le glan-easnamh de €16.7 milliún i 2004, feabhsúchán de €24.2 milliún.

Téann toradh 2005 thar an sprioc a bhí leagtha amach sa Phlean Airgeadais 2003-2007 arb éard a bhí i gceist ann brabús beag tar éis míreanna eisceachtúla.

### Fíor 1: Barrachas roimh mhíreanna eisceachtúla





## Costais bhreosla agus fuinnimh

Chuir ardú ar chostais bhreosla agus fuinnimh isteach go mór ar bhonn costais Iarnród Éireann i rith 2005 agus leanfaidh siad ag cur isteach orthu i 2006 mar go leanfaidh tionchar an ardaithe domhanda i bpraghsanna ola agus gáis ag cur isteach ar an margadh. Mhaolaigh grúpa CIÉ a nochtadh maidir le gluaiseacht chodarsna ó thaobh margáí breosla agus airgeadra trína mbeartas fáilaithe. Leanfar leis an mbeartas baol praghas ola a bhainistiú ar bhunús fáilaithe roghnach laistigh d'fhráma-ama 2 bhliain rollála.

Bunaíodh foireann tionscadail i 2005 chun measúnú a dhéanamh ar na buntáistí a bheadh ann roghanna eile seachas breosla iontaise a úsáid agus bealaí chun drochastuithe san atmaisféar a laghdú.

B'ionann costais bhreosla agus leictreachais d'Iarnród Éireann, CBL agus dleacht máil san áireamh, agus €20.5 milliún do 2005 i gcomparáid le €15.7 milliún do 2004, ardú de 31%. Samhlaítear arduithe breise i 2006.

### Fíor 2 Costais Bhreosla agus Fuinnimh




# Athbhreithniú Oibríochtaí (ar leanúint)

## Costais Phárolla

D'ardaigh costais Phárolla iomlán (lena n-áirítear costais phinsin) 3% i 2005 agus meastar go leanfaidh siad ar aghaidh ag ardú i rith 2006. Tá arduithe costais den chuid is mó mar gheall ar bhoilsciú costas pá, mar rinneadh dlúth-mhonatóireacht ar líon na bhfoirne agus tháinig laghdú i dtéarmaí iarbhír 118 go dtí croí-líon de 5,060 ag deireadh 2005.

**Fíor 3: Costais párolla iomlán agus meán líon na foirne**



## Ardú ar Tháillí

Cheadaigh an Rialtas ardú 3.8% i dtáillí agus tháinig sin i bhfeidhm an 5ú Eanáir, 2006. Is é an toradh ioncaim bliantúil measta ón ardú sin ná €5.2 milliún.

## FEABHSÚCHÁIN SEIRBHÍSE

### Líon na bPaisinéirí

Thart ar 37.7 milliún líon na dturas paisinéirí (neamhchoigeartuithe do dhúnadh deireadh seachtaine DART) i 2005, ardú 9.1% ar 2004. Tá ardú líon paisinéirí Iarnród Éireann ar an gcéatadán is airde san Eoraip le deich mbliana anuas.

**Fíor 4: Fás ar Líon Paisinéirí san Eoraip**

	%	
Éire	41.8	Is airde
RA	38.1	
An Spáinn	37.5	
An Fhrainc	20.8	An meán
An Ghearmáin	19.2	
An Eilvéis	-2.3	Is ísle

Ba €151 milliún an t-ioncam ó ghnó paisinéirí, ardú 7% ar 2004. Bhain na harduithe den chuid is mó leis na réimsí comaitéara, áit a bhfuil feabhas tagtha ar chumas trí thraenacha DART níos faide agus flit carranna ráille níos mó do na seirbhísí comaitéara lasmuigh atá ag méadú i gcónaí.

### Arduithe Seirbhíse

Tugadh isteach feabhsúcháin seirbhíse an 14ú Nollaig, 2004 agus an 11ú Nollaig, 2005 chun go mbeidís ar siúl ag an am céanna le tráthchlár 2005 agus 2006.

Seo a leanas achoimre ar fheabhsúcháin de réir bealaigh:

### Comaitéir

- Tá comaitéirí Mhaigh Nuad ag baint leasa as trí sheirbhís bhreise i rith buaicthréimhse na maidine agus dhá sheirbhís bhreise i rith buaicthréimhse an tráthnóna, le cumas breise buaice iomlán laethúil de thart ar 3,300 (ardú cumais 40%).
- Tá buaicseirbhís maidine breise ag comaitéirí an Tuaiscirt (Droichead Átha) as Droichead Átha agus táthar ag freastal ar stáisiúin bhreise ar an tseirbhís tráthnóna 17.10 ó Stáisiún Uí Chonghaile go dtí Baile Brigín.
- Ardú suntasach ar mhinicíocht Inis-Luimneach.

# Athbhreithniú Oibríochtaí (ar leanúint)

- Tugadh isteach dhá sheirbhís bhreise laethúla do chomaitéirí Chorcaí ar an dá bhealach Corcaigh-Cóbh agus ceithre sheirbhís bhreise laethúla gach treo Corcaigh-Mala.
- Thosaigh seirbhís comaitéirí don chéad uair ó Chill Chainnigh ón 22ú Márta, 2006.

## Intercity

- D'ardaigh minicíocht seirbhíse Sligeach-Baile Átha Cliath ó 3 go dtí 5 sheirbhís laethúla Luan go Satharn.
- Tugadh isteach seirbhís ar eatraimh chothroma idir Corcaigh-Baile Átha Cliath, ar dtús – gach 2 uaire (ar an uair as Baile Átha Cliath ag 0700, 0900, etc go dtí 2100), le go mbeifear ullamh do sheirbhís gach uair an chloig i 2006.
- Tá seirbhís luath ar maidin Port Láirge-Baile Átha Cliath ag feidhmiú go laethúil Luan go Satharn ón 22ú Márta, 2006.
- Tá seirbhíse breise gach bealach ar an Domhnach idir Gaillimh-Baile Átha Cliath chun freastal ar riachtanais chumais.
- Tá seirbhísí breise ar an Domhnach idir Luimneach-Baile Átha Cliath chun freastal ar riachtanais chumais.
- Tá seirbhís bhreise go luath ar maidin ann idir Baile Átha Luain-Baile Átha Cliath do líon níos airde comaitéirí ar thurais fhada.

## DART

- Tugadh isteach seirbhísí breise sa bhuaicthréimhse ó/chuig Mullach Íde. Tharla sin de bharr méadú ar an éileamh ó cheantair Mhullach Íde agus Phort Mearnóg.

## Feidhmíocht i gcoinne Príomhthascairí Feidhmíochta i rith 2005

Lean Iarnród Éireann leis an bpróiseas feabhsúcháin oibríochta i rith 2005.

Níor cuireadh mórán seirbhísí ar ceal, agus rith 99% ar an meán de sheirbhísí a bhí sceidealaithe ar an meán ar gach bealach.

Comhaontaíodh spriocanna feidhmíochta maidir le gach seirbhís paisinéirí agus leagadh amach iad i Meabhrán Tuisceana leis an Roinn Iompair. Athbhreithnítear dul chun cinn i gcoinne na spriocanna sin leis an Roinn uair sa ráithe.

Baineadh amach an sprioc poncúlachta go dtí laistigh de 10 nóiméad den sceideal ar gach bealach ach amháin ar an tseirbhís trasteorann go Béal Feirste. Mar sin féin áfach, tharla thart ar 60% de na moilleanna ar sheirbhísí Baile Átha Cliath –Béal Feirste lasmuigh de ghréasán Iarnród Éireann.

## FORBAIRTÍ GNÓ

### Seirbhís do Chustaiméirí


Tá Iarnród Éireann ag leanúint ar aghaidh ag infheistiú i saoráidí seirbhísí do chustaiméirí nua. Tá níos mó acmhainní á ndíriú ar oiliúint seirbhísí do chustaiméirí don fhoireann, agus tá an chuideachta ag baint leasa as teicneolaíocht chun go mbeidh taisteal ar an iarnród níos simplí ná riamh.

Chinntigh láithreán gréasáin fheabhsaithe nua ag [www.irishrail.ie](http://www.irishrail.ie) gurb iad na saoráidí agus an t-eolas a theastaíonn ó mhóramh na n-úsáideoirí – amanna traenacha, áirithint ar líne, agus an nuacht is déanaí – príomhfhócas an láithreáin ghréasáin.

Tá córas áirithinte ar líne á leathnú go seasta agus is féidir suíocháin san aicme caighdeánach, sa chéad aicme agus ar sheirbhísí speisialta a cheannach ar an láithreán gréasáin anois. Tá meaisíní díola ticéad uathoibríoch tapa d'uireasa daoine dul i scuaine, suiteáilte in os cionn 80 stáisiún ar feadh an ghréasáin, agus d'éirigh thar cionn leo. Léiríonn anailís ar ioncam ó áirithintí ar thraenacha don tréimhse Bealtaine – Nollaig 2005 gurb iad díolacháin bunaithe ar an nGréasán na cinn ba mhó tóir.

# Athbhreithniú Oibríochtaí (ar leanúint)

Fíor 5: Ioncaim ó Áirithintí



## Cárta Taistil Mic Léinn

D'éirigh go maith leis na Cártaí Taistil Mic Léinn sa tréimhse thábhachtach Meán Fómhair go Nollaig i 2005 nuair a díoladh os cionn 22,500 cárta. Lean sin feachtas margaíochta ar éirigh go maith leis agus a bhí dírithe ar mhic léinn sa chéad bhliain.

Tá feachtas margaíochta atá ag díriú ar mhic léinn sa 2ú, sa 3ú agus sa 4ú bliain ar siúl faoi láthair. Is é príomhchuspóir an fheachtais a chinntiú go spreagtar an líon is airde sealbhóirí cárta a gcártaí 2005 a athnuachan. Is léir faoi láthair go bhfuil an feachtas ag freastal ar an gcuspóir sin mar tá díolacháin ag rith tuairim 10% thar dhíolacháin sa tréimhse céanna i 2005.


## Ticéid comaitéirí TaxSaver

Leanann gnó ticéid séasúrach míosúil agus bliantúil TaxSaver ar líne ar aghaidh ag fás le díolacháin de €5 mhilliún á bpróiseáil anois trínár seirbhís áirithinte ar líne. Tá an gnó sin dírithe ar chustaiméirí corparáide ar féidir leis an bhfoireann leas a bhaint as faoiseamh cánach ioncaim ar thicéid séasúra comaitéirí.

## Próifíl Ioncaim

Léirítear an t-athrú ar phatrúin ceannacháin custaiméirí trí arduithe i ndíolacháin i meaisíní dáileadh ticéad uathoibríoch (TVManna) ag stáisiúin agus in áirithintí ar líne ag [www.irishrail.ie](http://www.irishrail.ie) a d'ardaigh ó 28% de dhíolacháin i 2004 go dtí 38% de dhíolacháin i 2005.

Fíor 6: Próifíl Modh Díolacháin



## Lastas

Bhí bliain dheacair eile ag gnó Lastais i 2005 le cailliúint de €7.6 milliún, tar éis cailliúint de €9.0 milliún i 2004. Bhain sin i bpáirt le haistarraingt ó ghnó na gcoimeádán Ualach Aonaid a bhí ag cailliúint airgid, agus cé gur tharla sin níos déanaí ná mar a ceapadh, d'éirigh leis.

Tá blianta deacra roimh Lastas Iarnród Éireann maidir le roinnt réimsí. Beidh cailliúint shuntasach ioncaim ann freisin mar d'fhógair Diageo le déanaí go rabhadar ag aistarraingt ón ngnó ceaiigeanna. Beidh tuilleadh cailliúint ioncaim lastais mar thoradh ar dheireadh a bheith curtha le gnó biatas siúcra tar éis monarcha biatas siúcra dheiridh na hÉireann dúnadh i Mala. Beidh gá le bearta laghdaithe costais shuntasacha chun cúiteamh as an gcailliúint gnó sin.

Tá gnó lastais iarnróid dírithe anois ar ollghluaiseacht coinceite, adhmaid, sceallaí agus mianraí ó Mhianaigh Tara, a bhfuil sé oiriúnach dóibh a bheith iompartha ar iarnród.

## Europort Ros Láir

Bhí bliain bhrabúsach ag Europort Ros Láir i rith 2005, cé go raibh roinnt cur isteach de bharr dhíospóid Irish Ferries, agus tuairiscíodh brabús de €3.2 milliún. D'éirigh go maith le hioncaim ag €10.6 milliún, ar d'ardaigh 3% ar 2004. Cuireadh seirbhísí nua leis an ngnó trí Celtic Link agus is iompróirí lastas rolláil-ann agus rolláil-as iad na custaiméirí atá acu.

# Athbhreithniú Oibríochtaí (ar leanúint)

## CLÁR FORBARTHA

### Caiteachas caipitil

B'ionann clár caiteachais chaipitil 2005, lena n-áirítear Talamh agus Foirgnimh a aistríodh chuig Córas Iompar Éireann, agus €318 milliún agus as sin mhaoinigh deontais Státchiste €267 milliún. Tá €35 milliún breise i ndeontais chaipitil dlite ón AE freisin agus b'ionann caiteachas caipitil a bhí maoinithe ag a n-acmhainní féin i 2005 agus €16 milliún.

### Stoc Rollta

Tá luach tionscadail stoc rollta reatha os cionn €800 milliún. Is ionann sin agus an infheistíocht is mó riamh i bhfeithiclí iompair phoiblí i stair an Stáit agus athróidh sin ardchaighdeán agus próifíl aoise stoc rollta Iarnród Éireann go hiomlán sa chéad chúpla bliain eile.

### Carranna Ráille Comaitéara

Tá 154 carr ráille díosail i mbun seirbhíse ar bhealaí Comaitéara faoi láthair agus cuireann siad le seirbhísí reatha ar bhealaí Ros Láir/Bhaile Átha Cliath agus ar bhealach Sligeach/Bhaile Átha Cliath freisin. Tugadh isteach 36 carr ráille eile le roinnt míonna anuas.

### Carranna Ráille Intercity

Tá 150 carr ráille Intercity á dtógáil faoi láthair ag Mitsui/Rotem sa Chóiré. Oibreoidh na traenacha ar bhealaí Baile Átha Cliath/Béal an Átha; Baile Átha Cliath – Gaillimh; Baile Átha Cliath – Luimneach/Inis; Baile Átha Cliath – Sligeach; Baile Átha Cliath – Ros Láir; Baile Átha Cliath – Corcaigh/Trá Lí agus Baile Átha Cliath – Port Láirge. Rachadh siad i mbun seirbhíse i rith 2007 agus 2008, agus nuair a bheidh siad ar fad i mbun seirbhíse éascóidh siad minicíochtaí seirbhíse, ardchaighdeán agus compord ar feadh an ghréasán Intercity réigiúnach.

### Carráistí Intercity Baile Átha Cliath – Corcaigh

Tá 67 carráiste Intercity ordaithe do bhealach Corcaigh-Baile Átha Cliath ó CAF na Spáinne, tá 51 acu sin seachadta anois le coimisiúnú. Tosóidh siad ag dul i mbun seirbhíse go gairid, agus beidh seirbhís gach uair an chloig gach treo á seachadadh ar deireadh thiar ar an mbealach i 2007. Beidh

siad ar na traenacha is nua-aimseartha fós inár ngréasán, agus beidh na nithe seo a leanas iontu:

- Feidhm brú-tharrainge chun am iompú thart a laghdú agus chun feidhmiú níos éifeachtúlaí a cheadú agus poncúlacht níos fearr.
- Dearadh nua sruthlíneach agus libhré nua Intercity.
- Na caighdeáin compoird agus saoráidí do chustaiméirí is airde in Éirinn.
- Beidh siad ag comhlíonadh caighdeáin idirnáisiúnta maidir le custaiméirí faoi bhac gluaiseachta nó céadfach.
- Gnéithe breise sa chéad aicme, suíocháin inchoigeartaithe, raidió agus ceol insuíocháin, solas léitheoireachta agus lampaí bord san áireamh.

Tá clár d'athchóiriú lár-saoil 201 flit locomotive ar siúl anois agus tá na haonaid nuachóirithe ag cur buntáistí móra ar fáil maidir le feidhmiú an fhliú.

### EMUnna DART

Tá clár athchóirithe lár-saoil chun 76 aonad DART 1984 bunaidh a uasghrádú ar siúl san Eoraip agus táthar ag súil leis an gcéad chuid acu sin a bheith ar ais i mbun seirbhíse go déanach i 2006.

### Tionscadail Infrastruchtúir

Ba iad na holl-oibreacha a tugadh chun críche i rith 2005 ná uasghrádú an DART agus tionscadail athchomharthaíochta réigiúnach.

Leathnaíodh ardáin i ngach ceann de na 30 stáisiún DART go dtí fad 8 gcarráiste, ó uasmhéid 6 gcarráiste roimhe sin; rinneadh gach sreang lasnairde a athnuachan; soláthraíodh soláthar cumhachta feabhsaithe; agus athraíodh stáisiúin chun a chinntiú go mbeadh na caighdeáin is fearr agus is féidir ó thaobh rochtain do chustaiméirí faoi bhac gluaiseachta nó céadfach iontu. Is garr go mbeidh an ghné dheireanach den tionscadal, coimisiúnú taobhlaigh ag Fairview agus dhá fhoirgneamh stáisiún nua a oscailt ag Achomhal Bhinn Éadair agus Bayside á dtabhairt chun críche. Coimeádadh siar oibreacha inrochtana i dhá stáisiún eile de bharr saincheisteanna pleanála agus caithfear an obair orthu sin a athsceidealú nuair a gheofar cead pleanála.

# Athbhreithniú Oibríochtaí (ar leanúint)

Tugadh an tionscadal athchomharthaíochta, chun comharthaíocht seimféir a athsholáthar ar iarnróid aonair chuig Port Láirge, Trá Lí, Gaillimh agus Sligeach chun críche agus coimisiúnaíodh iad i rith 2005. Thug foireann tionscadail comharthaíochta tiomanta an tionscadal chun críche in am agus laistigh de bhuiséad. Thosaigh an fhoireann i mbun oibre ar thionscadail athchomharthaíochta ar iarnróid Mhaigh Eo agus Ros Láir ó shin.

Tá obair ar siúl ar nuachóiriú díon halla traenach Heuston agus tá an íomhá nua agus ceann níos gile ag an stáisiún cheana féin chun cur leis na saoráidí paisinéirí a bhí uasghrádaithe sa stáisiún cheana féin, mar aon le bheith mar infheistíocht sábháilteachta riachtanach.

Tá an tionscadal iarnróid Bealach 4 Chill Dara imithe chun cinn chuig an gcéim iarratais Ordú Iarnróid agus bhí an Fiosrúchán Poiblí maidir leis sin ann cheana féin.

Áirítear ar thionscadail eile atá ag an gcéim leagan amach stáisiún nua ag na Dugthailte, a fhreastalóidh ar sheirbhísí comaitéirí leathnaithe ar líne Mhaigh Nuad agus ar íosta Cúram-Traenach Laoise, áit a ndéanfar cothabháil ar fhliú carranna ráille Intercity. Tá saoráidí cothabhála ag Corcaigh á n-uasghrádú freisin chun na carráistí Intercity nua a ghlanadh.

Tá cáipéisí tairisceana á n-ullmhú d'obair i limistéar chomaitéara Chorcaí, lena n-áirítear athoscailt líne Mhainistir na Corann. Cuireadh tús le hobair ullmhúcháin ar thionscadal naisc Iarnród an Iarthair agus ar uasghrádú saoráidí comaitéirí na Gaillimhe.

Sa bhreis ar na holltionscadail infrastruchtúir seo, tá clár feabhsúcháin leanúnach ar siúl cheana féin, lena n-áirítear ardáin a leathnú, saoráidí inrochtana, uasghrádú ar stáisiúin, crosairí comhréidh agus páirceáil carranna ag stáisiúin.

Chuaigh tionscadal bailíochta bealach amach, chun cosaint bhreise a thabhairt d'ioncam ag seacht stáisiún ollmhóra i mBaile Átha Cliath, ar aghaidh go dtí an chéim fheidhmiúcháin agus déanfar sin a choimisiúnú i rith 2006.

## Clár Athnuachana agus Sábháilteachta Iarnróid 2004-2008

Ba é 2005 an dara bliain den chlár Athnuachana agus Sábháilteachta Iarnróid 2004-2008. Ba leanúint ar aghaidh a bhí san obair a rinneadh i 2005 ar oibreacha ón gcéad bhliain den chlár agus áirítear ann athnuachan ráillí, athnuachan droichead agus fáлта, athchóirithe trealamh comharthaíochta agus oibreacha ag crosairí comhréidh.

Agus gréasán na príomhlíne uasghrádaithe anois go dtí iarnród leanúnach táite ar leaba choincréite traenach, dhírigh an ghné athnuachana ráille den chlár ar athleagan de na línte éadroma úsáidte dara láimhe. Cuireadh pointí suntasacha agus oibreacha crosairí i gcrích i 2005 ar bhealaí Mala-Trá Lí agus Baile Átha Cliath-Sligeach i gcomhar leis na tionscadail athchomharthaíochta do na línte sin.

Leanadh leis an gclár athnuachana fáлта mar aon le hoibreacha sábháilteachta ar chomhéadain a raibh baol ag baint leo idir iarnróid agus bóithre nó droichid lena n-áirítear tógáil comharthaí rabhaidh ag droichid ísle. Rinneadh oibreacha cosaint cósta ag áiteanna a raibh an t-iarnród i mbaol ó chreimeadh farraige ar an gcósta thoir ag Ballygannon agus tugadh na hathchóirithe ar thollán Cheann Bhré chun críche.

Ba ghné de na hoibreacha an bhéim láidir a cuireadh ar chórais bhainistíochta sábháilteachta a rinne i 2005 agus caitheadh 8,000 lá oiliúna ar fad ar chothabháil infrastruchtúir amháin. Bhí tionscnaimh shábháilteachta ar nós soláthar trealamh monatóireachta torainn agus crith ag teacht leis an reachtaíocht nua Sláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an obair a tugadh isteach i rith na bliana.

## Plean Iompair 21

D'fháiltigh Iarnród Éireann roimh fhógra Iompar 21 an Aire Iompair, an Plean Infheistíochta Infrastruchtúir Náisiúnta 10 mbliana, agus príomhthionscadail iarnróid san áireamh a cheadóidh córas iarnróid comhtháite den scoth a thabhairt i gcrích do chustaiméirí i Mór-Limistéar Bhaile Átha Cliath agus go náisiúnta.

Rinneadh dul chun cinn ollmhór le roinnt blianta anuas, le huasghrádú gréasán phaisinéirí Iarnród Éireann, an gréasán is tapúla a d'fhás san Eoraip le deich mbliana anuas. Leis

# Athbhreithniú Oibríochtaí (ar leanúint)

an bplean 10 mbliana seo, ceapann an chuideachta go bhfuil siad ullamh an t-aistriú a chur i gcrích anois.

## Idircheanglóir

Dar ndóigh is é an tionscnamh infrastruchtúr iompair poiblí is tábhachtaí sa Phlean ná formhuiniú Phlean Iarnróid Comhtháite Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear Idircheanglóir na nDugthailte le Heuston.


Athróidh na moltaí sin minicíocht agus cumas na línte iarnróid ar fad a bheidh ag dul isteach go Baile Átha Cliath agus ag méadú faoi cheathair líon na dturas paisinéirí ar DART agus ar línte Comaitéara ó 25 milliún i 2004 go dtí 100 milliún fortheilgthe nuair a bheidh an tIdircheanglóir tugtha chun críche.

Beidh an tIdircheanglóir ar an bpíosa amháin is tábhachtaí den infrastruchtúr nua sa Stát maidir lena chinntiú go mbeidh athrú ó iompar príobháideach go dtí iompar poiblí, agus ionas nach mbeidh tranglam tráchta roimh dhaoine sa todhchaí mar atá i mórlimistéar Bhaile Átha Cliath faoi láthair.

Seo na torthaí a bheidh ar idircheanglóir idir na Dugthailte agus Heuston:

- An dara líne DART d'ardchumas trí lár na cathrach, via 5.2 ciliméadar de líne faoin talamh.
- Cuirfear go mór le minicíocht agus cumas na seirbhísí ar línte an Tuaiscirt, línte Comaitéirí agus línte Chill Dara – an trí bhealach daonra is mó fáis sa tír.
- Gréasán iarnróid comhtháite go hiomlán do Mhór-Limistéar Bhaile Átha Cliath, ag nascadh gach modh – DART, Comaitéirí, Intercity, LUAS agus Metro – agus a chinnteoidh go mbeidh gréasán iompair poiblí ardchumais ann a bheidh ag déanamh turais go rialta ó bhuaichbailte go bruachbailte mar aon le chuig lár na cathrach.

**Fíor 7: Gréasán Iarnróid Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath**



# Athbhreithniú Oibríochtaí (ar leanúint)

- Seirbhísí DART chuig Baile Brigín, Maigh Nuad agus Hazelhatch, agus línte leictreacha ar fad a bheidh iontu.
- Beidh a cheithre oiread turas paisinéirí ar an DART agus ar iarnród Comaitéirí go bliantúil – déanfar 75 milliún turas breise ar iarnróid in aghaidh na bliana.
- Cuid rithábhachtach d'infrastruchtúr uirbeach, réigiúnach agus náisiúnta.

Beidh lánpháirtíú iomlán gach cineál seirbhíse ardchumais a bheidh ann go rialta ar gach bealach mar na nithe is mó a bheidh le tabhairt i gcrích ón tionscadal riachtanach seo.

Cinnteoigh sé go mbeidh seirbhís iompair iarnróid d'ardchaighdeán ar fáil do phobail a bhfuiltear ag freastal orthu faoi láthair mar aon le pobail nua agus pobail eile a bheidh le nascadh leis an ngréasán.

## Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath

Ceann de na príomhdhúshláin atá roimh Iarnród Éireann ná ceantar comaitéirí Mhór-Limistéar Bhaile Átha Cliath atá ag méadú i gcónaí. Tá na trí bhealach daonra is tapúla ag fás sa tír in iomlán ar feadh na dtrí bhealach comaitéirí is gnóthaí isteach go Baile Átha Cliath: an Líne Ó Thuaidh ó Dhun Dealgan agus Droichead Átha go dtí Stáisiún Uí Chonghaile agus Stáisiún an Phiarsaigh i mBaile Átha Cliath; Líne Mhaigh Nuad i dTuaisceart Chill Dara go dtí Stáisiún Uí Chonghaile agus Stáisiún an Phiarsaigh; agus líne Chill Dara a fheidhmíonn ó Stáisiún Heuston Bhaile Átha Cliath go dtí baile Chill Dara agus aistir chomaitéirí níos faide ar nós Port Laoise agus Ceatharlach. Go dtí seo, chuir Iarnród Éireann an méid agus is féidir le cumas an ghréasáin reatha freastal ar ardú ar éileamh.

Mhéadaigh líon na bpaisinéirí laethúla DART ó 35,000 sna chéad laethanta i 1984 go dtí 90,000 anois agus tá méid an fhlíit beagnach dúbailte ón 80 carráiste a bhíodh ann ar dtús go dtí 154 carráiste.

Méadaíodh an flít carranna ráille tiomanta ó 17 aonad i 1998 go dtí 180 aonad faoi láthair, agus cuireadh seirbhís ardchumais a féidir brath uirthi i gcrích. Is comhartha é den éileamh ollmhór atá ar sheirbhísí ráille d'ardchaighdeán atá ann, go mbíonn gach cumas breise ama a thugtar isteach ar aon bhealach, lán laistigh de sheachtainí.

## Plean Iarnróid Comhtháite Bhaile Átha Cliath

Seo a leanas na príomhghnéithe de Phlean Iarnróid Comhtháite Bhaile Átha Cliath:

- Athchomharthaíocht i lár na cathrach: seo tionscadal rithábhachtach chun ligean do thuilleadh traenacha feidhmiú trí Stáisiún Uí Chonghaile-an Phiarsaigh.
- Críochfort nua i lár na cathrach: i gceantar mór fáis na nDughailte i mBaile Átha Cliath, chun minicíocht níos mó ar líne Mhaigh Nuad a éascú.
- Tionscadal Bhealach Chill Dara: beidh ceithre ráille le cur ar phríomhbhealaí líne Chill Dara, chun dhá líne thiomanta a sholáthar do sheirbhísí comaitéirí agus dhá líne thiomanta do sheirbhísí Intercity agus do sheirbhísí réigiúnacha, agus beidh traenacha níos minicí ar gach bealach dá bharr. Cuideoidh sin go príomha le limistéir ar nós Cluain Dolcáin/Bóthar Fonthill, forbairt nua Adamstown agus Hazelhatch.
- Atógáil agus athoscailt sporlíne as líne Mhaigh Nuad go dtí an Uaimh. Beidh sin ar siúl i dhá chéim – ar dtús baire ag tógáil ó Chluain Saileach go Dún Búinne agus stáisiún Park and Ride ollmhór a bheidh nasctha leis an mótarbhealach i gCo. na Mí. Sa ghearrthéarma, ceadóidh sin do chomaitéirí ó ar fud na tíre leas a bhaint as seirbhísí iarnróid sula mbeidh an dara céim den líne go dtí an Uaimh tugtha chun críche.
- Stáisiún nua chun freastal ar fhorbairt ollmhór nua tithíochta agus tráchtála i mórlimistéar Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear Adamstown, Kishogue, ParkWest, Bóthar Fonthill, Bóthar na Gráinsí, Pelletstown, Hansfield, Dún Búinne, Pace M3 Park 'n' Ride agus Páirc an Fhionnuisce.

I gcomhar leis an bhforbairt infrastruchtúir, leathnófar an flít chun an cumas atá riachtanach chun freastal ar éileamh breise a sholáthar.

Tá gach ceann de na tionscadal sin san áireamh in Iompar 21.

## Comaitéireacht i gcathracha eile

Lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, tá ceantair uirbeacha eile ag iarraidh réiteach a fháil ar thranglam tráchtála agus ar riachtanais iompair a bpobal agus tugann Iompar 21

# Athbhreithniú Oibríochtaí (ar leanúint)

tacaíocht do na forbairtí sin freisin.

Dheimhnigh Iompar 21 go bhfuil moltaí iarnróid Comaitéirí Chorcaí le dul ar aghaidh. Áireofar sa phlean sin:

- Minicíocht mhéadaithe ar an mbealach Cóbh-Corcaigh le breis oibríochtaí ag dul tríd go dtí Mala.
- Déanfar an líne iarnróid go dtí Mainistir na Corann a athoscailt le seirbhís mhear, mhinic go Corcaigh.
- Stáisiún nua ag Mainistir na Corann, Carraig Thuathail, Dún Cathail, Cill Barra agus An Bhlarra.
- Stáisiún nua le saoráidí suntasacha park and ride san áireamh iontu.

Tá an infheistíocht á forbairt i gcomhar le creat oibre Phlean Straitéiseach Cheantar Chorcaí (PSCC) maidir le húsáid talaimh, iompar, beartais shóisialta agus comhshaoil.

Tá foráil déanta sa phlean freisin maidir le comaitéireacht na Gaillimhe i gcomhar le forbairt Bhealach Iarnróid an Iarthair.

## Intercity

Tacaíonn Iompar 21 le hinfeistíocht Iarnród Éireann i bhflít Intercity, a bheidh nuachóirithe idir seo agus 2008 agus tá os cionn 200 carráiste ordaithe cheana féin. Is ionann sin agus infheistíocht de os cionn €400 milliún.

Faoi láthair, tá an flít Intercity is sine san Eoraip ag Iarnród Éireann, comhartha de thearc-infheistíocht san am a caitheadh. Laistigh de thrí bhliain ghairid, beidh custaiméirí Intercity na hÉireann ag taisteal ar an bhflít is nua-aimseartha san Eoraip. Beidh gach traen Intercity os cionn

30 bliain d'aois tógtha as an bhflít, agus beidh traenacha nua-aimseartha ag feidhmiú ar gach seirbhís Intercity.

## Fíor 8: Minicíochtaí Seirbhíse atá Pleanáilte

Seo hiad na minicíochtaí seirbhíse atá leagtha amach nuair a bheidh an flít athnuaite:

BEALACH	MINICÍOCHT
Baile Átha Cliath – Corcaigh	Ar an uair ar feadh an lae
Baile Átha Cliath – Luimneach	Ar an uair ag buaicuaire, gach dara huair lasmuigh de bhuaicuaire – meascán de sheirbhísí díreacha agus iompú thart ó sheirbhís/chuig seirbhís Chorcaí
Baile Átha Cliath – Gaillimh	Ar an uair ag buaicuaire agus gach dara huair lasmuigh de bhuaicuaire
Baile Átha Cliath – Port Láirge	Gach dara huair ar feadh an lae
Baile Átha Cliath – Sligeach	Gach dara huair ar feadh an lae
Baile Átha Cliath – Cathair na Mart	5 sheirbhís in aghaidh an lae – meascán de sheirbhísí díreacha agus seirbhísí iompú thart Baile Átha Luan-Cathair na Mart, ag ceangal le seirbhís na Gaillimhe
Baile Átha Cliath – Trá Lí	Meascán de sheirbhísí tríd agus seirbhís iompú thart Mala-Trá Lí ag ceangal le/ó sheirbhís Chorcaí agus beidh seirbhís foriomlán 2 uaire ar an iomlán ann
Baile Átha Cliath – Ros Láir	Seirbhís atá ann cheana + seirbhísí comaitéireachta breise (Guairne / An tInbhear Mór)
Línte Craoibhe	Seirbhísí breise

## Bealach Iarnróid an Iarthair

Gné rithábhachtach chun a chinntiú go n-éireoidh le Bealach Iarnróid an Iarthair ná go mbeidh ar údarás áitiúla forbairtí cuí cónaitheacha agus tráchtála a fhorbairt ar feadh an bhealaigh chun an mais chriticiúil éilimh atá ag teastáil chun go n-éireoidh le gréasáin iarnróid a chinntiú.

# Athbhreithniú Oibríochtaí (ar leanúint)

## INROCHTANA

I rith na bliana, rinneadh dul chun cinn suntasach eile chun go mbeadh ár seirbhísí inrochtana ag gach custaiméir. Le clár infheistíochta Uasghrádaithe an DART beagnach tugtha chun críche, seachadadh feabhsúcháin shuntasacha maidir le hinrochtana ag custaiméirí faoi bhac gluaiseachta agus céadfach ag go leor stáisiún.

Seachadadh traenacha nua Intercity le hinrochtana níos mó, a rachaidh i mbun seirbhíse ar bhealach Chorcaigh-Baile Átha Cliath i rith 2006, lena n-áirítear spáis chathaoireacha rotha tiomanta i ngach aon charráiste, agus saoráidí leithris a bheidh inrochtana ag daoine faoi bhac gluaiseachta. Eisíodh fógraí tairisceana do chonarthaí chun tús a chur le huasghrádú ghnéithe inrochtana ag gach stáisiún ar bhealach Chorcaí, agus déanfar tuilleadh dul chun cinn ar an obair sin i rith 2006.

Leanadh le hidirchaidrimh lenár nGrúpa Úsáideoirí, atá ionadaíoch ar chustaiméirí faoi bhac gluaiseachta agus céadfach, chun monatóireacht a dhéanamh ar fheabhsúcháin inrochtana agus comhairle a thabhairt ina dtaobh.

## SÁBHÁILTEACHT

### Feidhmíocht Sábháilteachta

Tá sábháilteacht ar an tosaíocht is airde d'Iarnród Éireann agus tá struchtúr eagraíochta ar leith bunaithe chun nósanna imeachta sábháilteacha laistigh den chuideacha a shainmhíniú agus cloí leo. Mar aon le feidhmiú traenach, tá sraith Príomhthascairí Feidhmíochta sainmhínithe agus comhaontaithe leis an gCoimisiún Sábháilteachta Iarnróid chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht sábháilteachta.

Léiríonn anailís ar tháscairí feidhmíochta sábháilteachta i 2005 go raibh an cás feabhsaithe den chuid is mó sa bhliain roimhe sin.

Bhí laghdú beagnach 40% ar líon na dtimpistí ag crosairí comhréidh i 2005, agus caithfear féachaint ar an bhfigiúr sin i gcomhthéacs treochtaí téarma níos faide a léiríonn go n-éileoidh iompar úsáideoirí bóthair aird leanúnach.

Tá aird na mbainisteoirí dírithe cuid mhór anois ar Eachtraí Thar Comharthaí-Dainséar (SPADs).

Léiríonn na staitisticí foriomlána ardú 12% ar líon 2005 de SPADanna i gcomparáid le 2004, cé go bhfuil figiúr 2005 níos lú ná figiúr 2003. D'fheabhsaigh na córais chomharthaíochta nua-aimseartha a tugadh isteach ar bhealaí gathacha ar gcumas SPADanna a aimsiú, agus d'fhéadfadh an cumas monatóireachta feabhsaithe sin a bheith mar chuid den ardú sin. Mar sin féin, déantar gach eachtra a imscrúdú go hiomlán agus déantar gníomh mar is cuí.

## Reachtaíocht

Achtaíodh an tAcht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 agus tugadh stádas neamhspleách don Choimisiún Sabháilteachta Iarnróid (RSC). Beidh ar Iarnród Éireann anois Cás Sábháilteachta a tháirgeadh a bheidh le breithniú ag an RSC. Éilíonn an tAcht freisin ceadú RSC foirmiúil sula dtosófar ag tógáil, nó ag cur i mbun seirbhíse, céimeanna d'obreacha nua infrastruchtúir agus sula dtosófar i mbun trialacha, nó ag cur i mbun seirbhíse, stoc rollta nua nó stoc atá athraithe go suntasach.

## DAOINE

### An Líon Foirne

Leanadh leis an bpróiseas riachtanach táirgiúlacht éifeachtúlachta agus iarmhairteach níos fearr a leanúint i ndáil le himlonnú acmhainní daonna, mar aon le freagairt do choinníollacha margaidh atá ag athrú agus a mbíonn orainn gníomhaíochtaí a chomhdhlúthú nó a réasúnú dá mbar; i rith 2005.

Ba é an toradh a bhí le hathrú agus le réasúnú a rinneadh sa phróiseas sin ná laghdú foriomlán breise maidir le leibhéal daoine a bhí tomhasta ag deireadh na bliana go dtí 5,060, i gcomparáid le 5,178 ag deireadh na bliana 2004 i.e laghdú 118. Ba é an fachtóir is mó a raibh tionchar aige air sin ná haistarraingt ó ghnó Ualach Aonaid (Iompair Cjoimeádán) neamhbhrabúsach Iarnród Éireann ag deireadh mhí Iúil.

# Athbhreithniú Oibríochtaí (ar leanúint)

## Suaimhneas Tionsclaíoch

Seachadadh seirbhísí Iarnród Éireann i rith 2005 arís gan aon chur isteach ó ghníomh tionsclaíoch. D'éirigh le Iarnród Éireann tréimhse shuaimhneach thionsclaíoch leanúnach ar feadh níos mó ná ceithre bliana agus nach rabhtas ag súil leis a bhaint amach agus chinntigh sin nach cuireadh isteach ar an tseirbhís agus nach cailleadh aon ioncam. Go deimhin, sna cúig bhliana roimhe sin, i.e. 1995 go dtí 2000, níor cuireadh isteach ar shuaimhneas tionsclaíoch ach amháin ó ghníomhaíochtaí grúpa tiománaithe locomotive a bhris amach agus sin amháin agus a raibh gníomh neamhoifigiúil 10 seachtaine mar thoradh air i Samhradh 2000, ach níor chuir sin isteach go hiomlán ar an tseirbhís agus bainistíodh tionchar ghníomh tionsclaíoch lasmuigh de sin chuig leibhéal teoranta éifeachtachta.

## Comhpháirtíocht

Leanadh agus síneadh comhthionscnamh oiliúna bainistíochta/ceardchumainn sa rannán infrastructúir i rith 2005. Tá forbairtí breise molta maidir le socruithe comhpháirtíochta struchtúrtha i rith 2006. Áirítear leis sin ag cur le mar a d'éirigh leis an nGrúpa Comhpháirtíochta is fearr agus an Grúpa Comhchomhairleach Sábháilteachta is fearr.

## Comhionannas

Shínigh Oifigeach Comhionannais lánaimseartha Iarnród Éireann roinnt tionscnamh comhardaithe oibre/saoil lena n-áirítear saoire am téarma, obair sa bhaile ar líne, mar aon le cóid agus beartais i réimsí eile a fhorbairt. Athbhreithníodh agus athfhoilsíodh beartas Bulaíochta agus Ciaptha na cuideachta, ag cur athruithe maidir le reachtaíocht san áireamh.

Ina theannta sin, leanadh le profáil comhionannais chleachtas na cuideachta.

Baineadh amach gradam i ndáil le cleachtas earcaíochta mar aitheantas ar Iarnród Éireann ag aithint cumas seachas míchumas.

## PRÍOMHRÍOSCAÍ

### Bainistiú Riosca

Tá córas Bainistiú Riosca ar fud na Fiontraíochta (BRF) curtha ar bun. Is geallsealbhóir é/í gach fostaí sa phróiseas.

Tugtar ardtosaíocht do riosca sábháilteachta laistigh den iarnród agus maidir leis sin, buaileanna grúpa athbhreithnithe sábháilteachta feidhmeach trasfheidhmeach le chéile go míosúil chun monatóireacht a dhéanamh ar riosca sábháilteachta agus chun déileáil le haon saincheisteanna sábháilteachta eile. Athbhreithníonn an Grúpa Comhairleach Sábháilteachta, atá comhdhéanta de stiúrthóirí agus bainistíocht shinsearach Iarnród Éireann, an riosca sábháilteachta laistigh den chuideachta.

Tá líon suntasach de na rioscaí ollmhóra atá aitheanta sa Chlárlann Riosca ag baint le nithe oibríochta ar nós timpistí ollmhóra agus tá roinn sábháilteachta tiomanta bunaithe chun oibriú le bainistíocht líne chun monatóireacht a dhéanamh ar rialuithe sábháilteachta.

### Slándáil

Déanann Iarnród Éireann cothabháil ar Nós Imeachta Freagartha Éigeandála, a bheidh infheidhme sa chás go mbeadh aon eachtra sábháilteachta nó slándála ollmhór ann. Déantar an nós imeachta a thástáil ó am go ham ag cleachtaí samhaltacha, ar a n-áirítear rannpháirtíocht na seirbhísí éigeandála.

# Stiúrthóirí agus Eolas Eile

## Stiúrthóirí amhail an 5ú Aibreán, 2006

<b>Cathaoirleach</b>	An Dr. J. J. Lynch
<b>Stiúrthóirí</b>	An tUasal R. Byrne, An tUasal P. Cullen, An tUasal G. Duggan, An tUasal P. Gaffney, M. Johnston Uasal, An tUasal E. Murphy
<b>Príomhfheidhmeannach</b>	An tUasal A. R. Fearn
<b>Rúnaí</b>	G. Finucane Uasal
<b>Oifig Chláraithe</b>	Stáisiún Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath 1
<b>Teileafón</b>	+353 1 836 3333
<b>Faics</b>	+353 1 836 4760
<b>Láithreán Gréasáin</b>	<a href="http://www.irishrail.ie">www.irishrail.ie</a>
<b>Uimhir Chláraithe</b>	119571
<b>Iniúcháirí</b>	PricewaterhouseCoopers, Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil i láthair de réir a n-oibleagáidí faoi Achtanna na gCuideachtaí agus an tAcht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú) 1986. Ullmhaíodh cuntais na cuideachta agus na nótaí a ghabhann leo agus ar cuid iad de na cuntais agus a áirítear sa tuarascáil seo, de réir na gcaighdeán cuntasáíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn.

## Príomhghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú Airgeadais

Is iad príomhghníomhaíochtaí na cuideachta soláthar seirbhísí paisinéirí Iarnróid Intercity agus Comaitéirí, seirbhísí lastais agus bainistiú Europort Ros Láir.

Is i seilbh Córas Iompair Éireann, comhlacht reachtúil faoi lánúinéireacht Rialtas na hÉireann é agus a fhreagraíonn don Aire Iompair, 100% de scairchaipeatal eisithe na cuideachta.

Thaifead Iarnród Éireann barrachas €7.5 milliún i 2005. B'ionann ioncam iomlán na cuideachta agus €222.2 milliún i 2005, méadú €6.7 milliún nó 3.2% ar 2004. Léiríonn ioncam paisinéirí ag €151 milliún ardú de 7% ar 2004 agus mhéadaigh an líon turais paisinéirí 9.1% ó 34.6 milliún turas i 2004 go dtí 37.7 milliún turas i 2005.

Bhain na méaduithe sin den chuid is mó leis na réimsí comaitéireachta, mar is ansin is mó a feabhsaíodh cumas trí thabhairt isteach carrastí breise Dart agus carranna ráille.

B'ionann íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí agus €180 milliún i 2005 i gcomparáid le €171 milliún i 2004.

Bhí bliain dheacair eile ag an ngnó Lastais i 2005 cé gur laghdaíodh na cailliúintí oibríochta. Samhlaítear dúshlán bhreise i 2006 de réir mar a atheagraíonn an gnó i gcoinne laghduithe suntasacha sna gnóthaí biatais agus ceigeanna.

Leanann an chuideachta ag díriú go láidir ar fheabhas a chur ar ardchaighdeán agus ar éifeachtúlacht a seirbhísí do gach custaiméir. Agus iad ag monatóireacht feidhmiú na cuideachta, déanann na stiúrthóirí agus an Roinn Iompair raon príomhtháscairí oibríochta agus airgeadais a athbhreithniú go rialta. Braitheann íocaíocht in iomlán Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí ar spriocanna a bhíonn comhaontaithe go bliantúil idir an chuideachta agus an Roinn Iompair a bheith bainte amach. Tá na stiúrthóirí sásta a thuairisciú go bhfuair an chuideachta íocaíocht iomlán den Oibleagáid Seirbhíse Poiblí de bharr gur éirigh leo na spriocanna sin a bhaint amach i 2005. Tá athbhreithniú mionsonraithe den fheidhmíocht san áireamh san Athbhreithniú Oibríochtaí ar leathanaigh 5 go dtí 7.

Tá Iarnród Éireann tiomanta riosca a bhainistiú ar shlí córasach agus smachtaithe. Trí phróiseas bhainistiúochta rioca ar fud na fiontraíochta, aithnítear na príomhrioscaí atá roimh an gcuideachta agus forbraítear na pleananna gnímh chun na rioscaí sin a mhaolú. Is tosaíocht ard é sábháilteacht an ghréasáin iarnróid don chuideachta i gcónaí agus léirítear sin sa chlárlann riosca. Áirítear i measc na rioscaí tromchúiseacha: eachtraí oibríochta ollmhóra, gníomhartha sceimhlitheoireachta, cailliúint cumarsáid oibríochta agus teip leanúnach freastal ar ionchais chustaiméirí agus geallsealbhóirí eile.

Leanann an chuideachta ag infheistiú i stoc rollta agus i dtionscadail infrastruchtúir agus áirítear iad seo a leanas i dtionscadail infheistiúochta chaipitil atá ar siúl i rith 2005:

- Uasghrádú an DART
- Clár Sábháilteachta agus Athnuachana
- 150 carr ráille réigiúnacha a cheannach
- Athchomharthaíocht ar línte réigiúnacha
- Inrochtana níos fearr do dhaoine faoi bhac gluaiseachta agus céadfach

# Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar leanúint)

Tá athbhreithniú mionsonraithe de ghníomhaíocht na cuideachta san áireamh san Athbhreithniú Oibríochtaí ar leathanaigh 3 go dtí 5.

Tá na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005 leagtha amach go sonrach ar leathanaigh 22 go dtí 47.

## Rialú Inmheánach

Tá Grúpa Athbhreithnithe Iniúchta ceaptha ag bord Iarnród Éireann chun athbhreithniú a dhéanamh ar na cuntais bhliantúla, ar an rialú inmheánach agus ar chúrsaí comhlíonaidh, ar éifeachtacht iniúchta inmheánaigh agus seachtraigh agus ar bhainistiú riosca. Tá grúpaí comhairleacha ceaptha ag an mBord freisin chun monatóireacht a dhéanamh ar bhainistiú tionscadail mhóra infrastruchtúir agus stoc rollta. Tá Grúpa Comhairleach Sábháilteachta agus Grúpa Comhairleach Oibríochtaí bunaithe freisin chun cuidiú leis an mBord monatóireacht a dhéanamh ar phríomhréimsí gnó. Tá tuilleadh mionsonraí ar chóras rialaithe inmheánach na cuideachta leagtha amach i dtuarascáil bhliantúil Ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

## Cód Cleachtais do Rialáil Chomhlachtaí Stáit

Tá mionsonraí de na beartais agus na nósanna imeachta arna bhfeidhmiú ag an gcuideachta tar éis fhoilsiú an Chóid Chleachtais do Rialáil Chomhlachtaí Stáit ar fáil i dtuarascáil bhliantúil Ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

## Gnóthas reatha

Ullmhaíodh na cuntais ar bhonn gnóthais reatha agus tuairiscíonn na stiúrthóirí gur shásaigh siad iad féin gur gnóthas reatha í an cuideachta, a bhfuil dóthain acmhainní aici chun leanúint uirthi i mbun gnó amach anseo. Agus ag teacht ar an dearcadh sin dóibh, tá athbhreithniú déanta ag na stiúrthóirí ar an mbuiséad do 2006, na pleananna meántéarmacha agus ar chinneadh Bhord Chóras Iompair Éireann chun dóthain acmhainní airgeadais a chur ar fáil chun riachtanais iasachta Iarnród Éireann do 2006 agus 2007 a mhaoiniú.

## Leabhair Chuntais

Is iad na hidirbhearta a ghlac na stiúrthóirí lena chinntiú go gcomhlíontar oibleagáid na cuideachta leabhair chuntais chuí a choinneáil ná úsáid a bhaint as córais agus nósanna imeachta cuí agus daoine inniúla a fhostú. Coinnítear na leabhair chuntais ag ceannáras na cuideachta Stáisiún Uí Chonghaile, Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1.

## An tAcht um Shábháilteacht Iarnród 2005

Achtaíodh an tAcht um Shábháilteacht Iarnród 2005 i mí na Nollag 2005 a shocraigh stádas neamhspleách don Choimisiún Sábháilteachta Iarnróid ó 2006. Feidhmeofar clásail shonraithe áirithe den Acht i rith 2006, a thabharfaidh éifeacht do riachtanais an Choimisiún Sábháilteachta Iarnróid ceadú Chás Sábháilteachta Iarnród Éireann, oibreacha nua infrastruchtúir a thógáil agus a chur i mbun seirbhíse agus as oibreacha trialacha stoc rollta nua nó a bhíonn athraithe go suntasach a chur i mbun trialach nó i mbun seirbhíse. Déanann an tAcht nósanna imeachta maidir le tástáil drugaí agus alcóil a fhoirmlíú freisin mar aon le freagrachtaí sabháilteachta tríú páirtithe a aithint.

## Rialachán na gCE (Íocaíocht Mhall) 2002

Aithníonn na stiúrthóirí a bhfreagracht a chinntiú go gcomhlíonfar forálacha Rialachán na gCE (Íocaíocht Mhall) 2002, maidir le gach ábhar. Tá nósanna imeachta feidhmithe chun na dátaí a mbíonn na sonraisc go léir dlite le híoc agus a chinntiú go ndéanfar íocaíochtaí faoi na dátaí sin. Soláthraíonn na nósanna imeachta dearbhú réasúnta in aghaidh neamhchomhlíonadh ábhartha na rialachán.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar leanúint)

## Stiúrthóirí

Ceapann cathaoirleach Chóras Iompair Éireann le toiliú an Aire Iompair stiúrthóirí na cuideachta. Tá ainmneacha na ndaoine a bhí ina stiúrthóirí ag aon tráth i rith na bliana dar críoch an 31ú Nollaig, 2004 leagtha amach thíos. Ach amháin san áit a léirítear sin, d'fhóin na stiúrthóirí don bhliain iomlán.

An Dr. J. J. Lynch	Cathaoirleach (Athcheaptha 28ú Márta, 2005)
An tUasal J. Meagher	(Scoir an 28ú Feabhra, 2005)
An tUasal R. Byrne	(Ceaptha 23ú Meán Fómhair 2005)
An tUasal P. Cullen	(Scoir an 30ú Samhain, 2005, athcheaptha 1ú Eanáir 2006)
An tUasal G. Duggan	(Athcheaptha 9ú Feabhra 2005 Athcheaptha 9ú Feabhra 2006)
An tUasal P. Gaffney	(Ceaptha 1ú Eanáir 2006)
M. Johnston Uasal	(Ceaptha 1ú Eanáir 2006)
A. M. Mannix Uasal	(Scoir an 30ú Samhain 2005)
An tUasal E. Murphy	(Ceaptha 23ú Meán Fómhair 2005)
An tUasal W. McCamley	(Scoir an 30ú Samhain 2005)
An Dr. P. Prescott	(Athcheaptha 1ú Bealtaine 2005 Scoir an 31ú Deireadh Fómhair 2005)

Ní raibh seilbh ag aon stiúrthóir ar aon leas, aon scaireanna nó aon bhintiúr de chuid na cuideachta, a cuideachta shealbháíochta nó a comh-fhochuideachtaí ag tráth ar bith i rith na bliana. Ní dhearnadh aon chonradh nó socrúithe i rith na bliana ina raibh leas ábhartha ag stiúrthóir maidir le gnó an Ghrúpa. Tá gnáthscair amháin ina s(h)eilbh ag an rúnaí mar ainmní Bhord Chóras Iompair Éireann.

## Iniúchóirí

Léirigh na hiniúchóirí, PricewaterhouseCoopers, Cuntasaóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe, a dtoilteanas leanúint in oifig de réir Alt 160 (2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

## Príomhfheidhmeannach

Tháinig an tUasal A.R. Fearn i gcomharbacht ar an bPríomhfheidhmeannach, An tUasal J. Meagher mar Phríomhfheidhmeannach Gníomhach i mBealtaine 2005 nuair a ghlac an tUasal Meagher le post eile laistigh de ghrúpa Chóras Iompair Éireann. Ceapadh an tUasal A.R. Fern mar Phríomhfheidhmeannach in Eanáir 2006.

Thar ceann an bhoird

**An Dr. J. J. Lynch** Cathaoirleach  
**An tUasal R. Byrne** Stiúrthóir

5ú Aibreán, 2006.

# Ráiteas d'Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na stiúrthóirí freagrach as an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlí infheidhme na hÉireann agus cleachtas cuntasáíochta inghlactha go ginearálta in Éirinn, lena n-áirítear caighdeán chuntasaíochta arna eisiúint ag an mBord um Chaighdeán Chuntasaíochta agus atá foilsithe ag an Institiúid Cuntasóirí Cairte in Éirinn.

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thabharfaidh léargas fíorchearr ar staid chúrsaí na cuideachta agus barrachas nó easnamh na cuideachta don bhliain sin.

In ullmhú na ráiteas airgeadais sin, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama; agus
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais reatha mura mbíonn sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an chuideachta i mbun gnó.

Deimhníonn na stiúrthóirí gur chomhlíon siad na riachtanais thuas agus iad ag ullmhú na ráitis airgeadais seo.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chúí a choinneáil a thugann le fios le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais na cuideachta agus a chuirfidh ar a gcumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasáíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn agus go gcomhlíonann siad ceanglais Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2005. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus, as sin, céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus aon mhírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

# Tuarascáil na nIniúcháirí

Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha chuig comhaltaí Iarnród Éireann – Irish Rail.

Tá iniúchadh déanta againn ar na ráitis airgeadais ar leathanaigh 22 go dtí 47. Tá na ráitis airgeadais seo ullmhaithe faoi na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach sa ráiteas bheartais chuntasaíochta ar leathanaigh 22 go dtí 23.

## Freagrachtaí faoi seach na stiúrthóirí agus na nIniúcháirí

Tá freagrachtaí na stiúrthóirí as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlí infheidhme na hÉireann agus na caighdeáin chuntasaíochta arna eisiúint ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta agus atá foilsithe ag an Institiúid Cuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta Inghlactha go Ginearálta in Éirinn), leagtha amach i Ráiteas d'Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí ar leathanach 19.

Is é ár bhfreagracht iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir cheanglais dlí agus rialacháin chúí agus de réir na gCaighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (Ríocht Aontaithe agus Éire). Tá an tuarascáil seo, lena n-airítear an tuairim, ullmhaithe do chomhaltaí na cuideachta, agus dóibhsan amháin, mar chomhlacht de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí 1990 agus ar an gcúis sin amháin. Ní ghlacaimid, i dtabhairt na tuairime seo, freagracht ar aon chúis eile nó chuig aon duine eile dá dtaispeántar an tuarascáil seo nó a bhféadfadh sí a bheith ina lámha ach amháin sa chás go mbíonn sé comhaontaithe go sonrach lenár dtoiliú roimh ré i scríbhinn.

Tuairiscimid ár dtuairim cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom, de réir Cleachtas Cuntasaíochta Inghlactha go Ginearálta in Éirinn, agus an bhfuil siad ullmhaithe go cúí de réir reachtaíocht na

hÉireann a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2005. Luaimid an bhfuairéamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta agus cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ag coinneáil leis na leabhair chuntais. Tuairiscimid freisin cibé inár dtuairim:

- an bhfuil leabhair chuntais chúí coimeáda ag an gcuideachta;
- an bhfuil tuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais; agus
- ag dáta an chláir chomhardaithe an raibh staid airgeadais ann a d'fhéadfadh a cheangal ar an gcuideachta cruinniú ginearálta urghnách a thionól; d'fhéadfadh staid airgeadais den sórt sin a bheith ann mura mbíonn glansócmhainní na cuideachta, mar atá luaite sa chláir comhardaithe, níos mó ná leath a scairchaipitil ghlaioite.

Tuairiscimid freisin, mura dtugtar, inár dtuairim féin, aon fhaisnéis atá sonraithe le dlí maidir le luach saothair na stiúrthóirí agus idirbhearta na stiúrthóirí, agus nuair is indéanta sin, cuirimid faisnéis den sórt sin san áireamh inár dtuarascáil.

Léamar an fhaisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus breithnimid an bhfuil sé comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais iniúchta. Tá an fhaisnéis eile sin comhdhéanta de Thuarascáil na Stiúrthóirí agus an tAthbhreithniú Oibríochta agus sin amháin. Breithnimid na himpleachtaí dár dtuarascáil má thagaimid ar aon fhaisnéis maidir le mí-ráitis nó neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais. Ní shíneann ár bhfreagrachtaí chuig aon fhaisnéis eile.

# Tuarascáil na nIníúcháirí (ar leanúint)

## Bunús thuairim an iniúchta

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCairdeán Idirnaisiúnta ar Iniúchadh (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta. Áirítear in iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais. Bíonn measúnú ar mheastacháin agus ar bhreithiúnais shuntasacha a rinne na stiúrthóirí in ullmhú na ráiteas airgeadais i gceist chomh maith, agus cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta cuí d'imthosca na cuideachta, an bhfeidhmítear go comhleanúnach iad agus an nochaítear go dóthanach iad.

Phleanálar agus rinneamar ár n-iniúchadh ionas go bhfaighimis an fhaisnéis agus na mínithe a mheasamar a bheith riachtanach chun dóthain fianaise a sholáthar dúinn chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó aon neamhrialtachta eile nó earráid. Agus muid ag teacht ar thuairim, rinneamar meastóireacht ar chomh sásúil ar an iomlán a bhí cur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

## Tuairim

In ár dtuairim tugann na ráitis airgeadais:

- léargas fíor agus cothrom, de réir Cleachtas Cuntasaíochta atá Inghlactha go Ginearálta in Éirinn, ar staid chúrsaí na cuideachta amhail an 31ú Nollaig 2005 agus ar a agus sreabhadh airgid don bhliain dar críoch amhlaidh; agus,
- gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais go cuí de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2005.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta faighte againn. Is é ár dtuairim, go bhfuil leabhair chuntais chuí coimeáda ag an gcuideachta. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim, go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil na stiúrthóirí ar leathanaigh 16 go dtí 18 ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Tá glansócmhainní na cuideachta, mar atá luaite sa chlár comhardaithe ar leathanach 25, níos mó ná leath méid a scairchaipitil ghlaoite agus, inár dtuairim, ar an mbonn sin ní raibh aon staid airgeadais ann ag an 31ú Nollaig, 2005, faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983, a d'éileodh go dtionólaí cruinniú ginearálta urghnách den chuideachta.

## PricewaterhouseCoopers

Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe,  
Baile Átha Cliath.

5ú Aibreán, 2006.

- (a) Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus sláine láithreán gréasáin Chóras Iompair Éireann; ní bhaineann breithniú ar na nithe sin leis an obair a dhéanann na hiniúcháirí agus, dá réir, ní ghlacann na hiniúcháirí aon fhreagracht as aon athruithe a d'fhéadfadh tarlú do na ráitis airgeadais ó cuireadh i láthair ar dtús ar an láithreán gréasáin iad.
- (b) D'fhéadfadh an reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh na ráiteas airgeadais a bheith difriúil ón reachtaíocht i ndlínsí eile.

# Príomhbheartais Chuntasaíochta

Is mar seo a leanas atá na beartais chuntasaíochta shuntasacha agus na teicnící meastacháin atá glactha ag an gcuideachta:

## (A) Bunús an Ullmhúcháin

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glactha go ginearálta leo in Éirinn agus reachtaíocht na hÉireann a chomhdhéanann Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2005. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glactha go ginearálta in Éirinn leo maidir le ráitis airgeadais a ullmhú a thugann léargas fíorcheart ná na caighdeáin sin atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus eisithe ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta.

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoi chomhghnás an chostais stairiúil.

Déileáiltear le Dubel Limited, fochomhlacht faoi lánúinéireacht, mar chraobh d'Iarnród Éireann-Irish Rail chun críche cuntasaíochta.

Tá athbhreithniú déanta ar chomparáidí na bliana roimhe sin chun teacht le cur i láthair na bliana reatha.

## (B) Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímheas

Is mar seo a leanas an bunús chun dímheas a ríomh:

### (i) Línte agus oibreacha iarnróid

Tá línte agus oibreacha iarnróid comhdhéanta de líonra de chórais. Déileáiltear le caiteachas ar an líonra atá cheana ann, a chothabhálann an acmhainn oibríochta de réir chaighdeáin shainmhínte seirbhíse, mar bhreis ar shócmhainní seasta inláimhsithe agus cuirtear san áireamh iad ag costas tar éis deontais a bhaint as.

Is é an muirear dímheasa do na línte agus oibreacha iarnróid an leibhéal measta den chaiteachas bliantúil a bhíonn riachtanach chun acmhainneacht oibríochta an líonra a chothabháil agus tá sé bunaithe ar phlean bhainistiú sócmhainní na cuideachta.

Déileáiltear le caiteachas ar an líonra, a mhéadaíonn a acmhainn nó a fheabhsaíonn a acmhainn oibríochta sa bhreis ar shócmhainní seasta inláimhsithe ag costas agus déantar é a dhímheas thar a shaol úsáideach.

### (ii) Stoc rollta iarnróid

Déantar innill traenach (ach amháin iad sin a ndéantar lárdímheas orthu nó a fhaightear gan aon chostas) a dhímheas, trí thráthchodanna comhionanna bliantúla, ar bhonn an chostais stairiúil scaipthe trína fhad saoil úsáidigh ionchasaigh.

Déantar carranna ráille, an stoc cóistí agus vaigíní a dhímheas freisin, trí thráthchodanna comhionanna bliantúla, ar bhonn an chostais stairiúil scaipthe trína fhad saoil úsáidigh ionchasaigh.

### (iii) Feithiclí lastais bóthair

Déantar na sócmhainní seo a dhímheas ar bhonn an chostais stairiúil scaipthe trína fhad saoil úsáidigh ionchasaigh ag baint úsáide as modh shuim na bhfigiúirí.

### (iv) Dugaí, cuanta agus calaí; gléasra agus innealra; trealamh seirbhísí lónadóireachta

Déantar an aicme thuasluaite de shócmhainní a dhímheas trí thráthchodanna comhionanna bliantúla, ar bhonn an chostais stairiúil scaipthe trína fhad saoil úsáidigh ionchasaigh.

### (v) Foirgnimh

Déantar foirgnimh a dhímheas trí thráthchodanna comhionanna bliantúla, ar bhonn an chostais stairiúil scaipthe thar saoil caoga bliain.

## (C) Sócmhainní Léasaithe

### (i) Léasanna airgeadais

Déantar sócmhainní a shealbhaítear faoi léasanna airgeadais a chuntasú de réir SSAP 21 (Cuntasú do Léasanna agus Conarthaí Fruilcheannaigh). Cuirtear costas caipitil shócmhainní den sórt sin san áireamh i sócmhainní inláimhsithe agus déantar iad a dhímheas thar an téarma léasa is giorra nó saol úsáideach ionchasach na sócmhainne. Tá mír chaipitil na n-oibleagáidí léasa atá amuigh curtha san áireamh in creidiúnaithe. Cuirtear muirir airgeadais chun dochair don chuntas brabúis agus cailteanais i rith tréimhse príomha an léasa.

### (ii) Léasanna Oibríochta

Déantar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibríochta a chur chun dochair don chuntas brabúis agus cailteanais de réir mar a fhabhraíonn siad.

# Príomhbheartais Chuntasaíochta (ar leanúint)

## (D) Stoic

Déantar stoic ábhar agus páirteanna spárála a luacháil ag an meánchostas is ísle agus an glanluach inréadaithe.

Déantar stoic a bhfuil a fhios iad a bheith críon ag dáta an chláir chomhardaithe a dhíscríobh agus ullmhaítear do stoic a d'fhéadfadh a bheith críon amach anseo.

## (E) Deontais an Aontais Eorpaigh agus Stáit

### (i) Deontais do línte agus oibreacha iarnróid atá cheana ann

Tá deontais a fuarthas do línte agus oibreacha iarnróid atá cheana ann bainte as costas na sócmhainní gaolmhara.

Níl an beartas seo de réir Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986 a cheanglaíonn go dtaispeánfaí na sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas agus as sin deontais agus ranníocaí mar ioncam iarchurtha. Tá an imeacht seo ó cheanglais Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1986, i dtuairim na stiúrthóirí, riachtanach do na ráitis airgeadais chun léargas fíorcheart a thaispeáint mar nach bhfuil aon shaol infhoirceanta ag na línte agus oibreacha iarnróid sin agus dá bhrí sin nach ann d'aon bhunús ar a bhféadfaí deontais agus ranníocaí a aithint mar ioncam iarchurtha.

### (ii) Deontais do chaiteachas caipítail eile

Déantar deontais do chaiteachas caipítail a chreidiúnú chuig ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad ar fáil. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna agus a dhéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

### (iii) Deontais ioncaim

Glactar deontais ioncaim chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais sa bhliain a mbíonn siad infhaighte.

### (iv) Deontais Infheistíochta Sábháilteachta

Déantar deontais infheistíochta sábháilteachta a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais trí thagairt don Chlár Infheistíochta Sábháilteachta.

## (F) Airgeadra Coigríche

Déantar idirbhearta a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche a aistriú go euro ag an ráta a bhíonn i bhfeidhm ag dáta na hidirbhearta, nó ag rátaí conartha i gcás go mbíonn na méideanna iníochta nó infhaighte clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Déileáiltear le gnóthachain nó caillteanais malartaithe réadaithe ar idirbhearta a shocraítear i rith na bliana mar chuid den bharrachas nó easnamh don bhliain ó ghnáthghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche ag an ráta malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe nó ag rátaí conartha más infheidhme.

## (G) Pinsin

Cuirtear costas ionchasach a bhaineann le pinsin a sholáthar d'fhostaithe chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear é i rith thréimhse fostaíochta fhostaithe inphinsin. Déantar an costas a ríomh, le sochar comhairle ó achtúirí neamhspleácha, ag a meastar a bheith ina chéatadán cobhsaí de phá inphinsin. Scaiptear athruithe ó chostais pinsin rialta, arna sainaitheint ag luachálacha achtúireacha tréimhsiúla, thar mheánfhadanna saoil ionchasaigh seirbhíse atá fanta ag comhaltaí na scéime.

Foráiltear do chostas caipítail na sochar pinsin fhorlíontaigh agus cuirtear chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais iad sa bhliain a dheonaítear na sochair mhéadaithe.

## (H) Costais Infrastruchtúir Iarnróid

De réir Threoir 91/440 ó Chomhairle an AE, ceanglaítear ar Iarnród Éireann-Irish Rail a chinntiú go gcoinnítear cuntais ghnó na seirbhísí iompair deighilte ó na cuntais do ghnó bhainistiú an infrastruchtúir iarnróid. Cinntear na costais infrastruchtúir de réir larscríbhinn 1.A de Rialachán Uimh. 2598/70 an AE.

# Cuntas Brabúis agus Cailteanais

		lomlán	Míreanna Oibríochta Eisceachtúla	Oibríochtaí Leanúnacha roimh Mhíreanna Eisceachtúla	lomlán	Míreanna Oibríochta Eisceachtúla	Oibríochtaí Leanúnacha roimh Mhíreanna Eisceachtúla
	Nóta	2005 €000	2005 €000	2005 €000	2004 €000	2004 €000	2004 €000
		Nóta 5			Nóta 5		
<b>Ioncaim</b>		222,284	-	222,284	215,481	-	215,481
<b>Costais</b>							
Párolla agus costais ghaolmhara	3	(234,978)	(7,887)	(227,091)	(238,797)	(17,447)	(221,350)
Ábhair agus Seirbhísí	4	(149,661)	-	(149,661)	(141,627)	-	(141,627)
Dímheas lúide amúchadh na ndeontas caipitil	6	(19,257)	-	(19,257)	(27,813)	(1,727)	(26,086)
<b>lomlán na gcostas oibríochta</b>		<b>(403,896)</b>	<b>(7,887)</b>	<b>(396,009)</b>	<b>(408,237)</b>	<b>(19,174)</b>	<b>(389,063)</b>
<b>Brabús ar dhiúscairt shócmhainní inláimhsithe</b>	7	<b>109</b>	-	<b>109</b>	132	-	132
<b>Easnamh roimh ús agus deontais stáit</b>		<b>(181,503)</b>	<b>(7,887)</b>	<b>(173,616)</b>	<b>(192,624)</b>	<b>(19,174)</b>	<b>(173,450)</b>
Ús iníoctha							
- oibríocht	8	(2,752)	-	(2,752)	(3,886)	-	(3,886)
- infrastruchtúr iarrnóid	8	(1,545)	-	(1,545)	(2,212)	-	(2,212)
<b>lomlán an úis</b>		<b>(4,297)</b>	-	<b>(4,297)</b>	<b>(6,098)</b>	-	<b>(6,098)</b>
<b>Easnamh don bhliain roimh deontais stáit</b>		<b>(185,800)</b>	<b>(7,887)</b>	<b>(177,913)</b>	<b>(198,722)</b>	<b>(19,174)</b>	<b>(179,548)</b>
Deontais stáit-OSP	9	179,990	-	179,990	171,420	-	171,420
Deontais stáit-deontas sábháilteachta iarrnóid	9	13,337	-	13,337	10,557	-	10,557
<b>Barrachas/(easnamh) don bhliain tar éis deontais Stáit</b>	2(A)	<b>7,527</b>	<b>(7,887)</b>	<b>15,414</b>	<b>(16,745)</b>	<b>(19,174)</b>	<b>2,429</b>
Easnamh carntha ag tús na bliana		(102,584)			(85,839)		
<b>Easnamh carntha ag deireadh na bliana</b>		<b>(95,057)</b>			<b>(102,584)</b>		

Baineann gach figiúr le gníomhaíochtaí leanúnacha na cuideachta.

Ní raibh aon ghnóthachain ná cailteanais aitheanta seachas iad sin atá sa chuntas brabúis agus cailteanais.

Thar ceann an bhoird

**An Dr. J. J. Lynch** Cathaoirleach

**An tUasal R. Byrne** Stiúrthóir

# Clár Comhardaithe

<b>Amhail an 31ú Nollaig</b>	<b>Nótaí</b>	<b>2005 €000</b>	<b>2004 €000</b>
<b>Sócmhainní seasta</b>			
Sócmhainní seasta inláimhsithe	10	1,032,954	917,304
Sócmhainní airgeadais	11	20	20
		<b>1,032,974</b>	<b>917,324</b>
<b>Sócmhainní reatha</b>			
Stoic	12	41,076	32,676
Féichiúnaithe	13	176,042	177,726
Airgead sa bhanc agus ar láimh		220	151
		<b>217,338</b>	<b>210,553</b>
<b>Creidiúnaithe (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)</b>	14	<b>(354,354)</b>	<b>(438,643)</b>
<b>Glandhliteanais reatha</b>		<b>(137,016)</b>	<b>(228,090)</b>
<b>Sócmhainní iomlán lúide dliteanais reatha</b>		<b>895,958</b>	<b>689,234</b>
<b>Creidiúnaithe (méideanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)</b>	15	<b>(39,576)</b>	<b>(44,496)</b>
<b>Forálacha le haghaidh dliteanais agus muirear</b>	18	<b>(62,851)</b>	<b>(60,810)</b>
<b>Ioncam iarchurtha</b>	19	<b>(758,698)</b>	<b>(556,622)</b>
		<b>34,833</b>	<b>27,306</b>
<b>Arna mhaoiniú ag:</b>			
<b>Caipiteal agus cúlchistí</b>			
Scairchaipiteal glaoite	20	29,204	29,204
Cúlchiste athsholáthar sócmhainní	21	100,686	100,686
An Cuntas Brabúis agus Caillteanais		(95,057)	(102,584)
<b>Cistí Scairsealbhóirí</b>	22	<b>34,833</b>	<b>27,306</b>

Thar ceann an bhoird

**An Dr. J. J. Lynch** Cathaoirleach

**An tUasal R. Byrne** Stiúrthóir

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Bliain dar críoch an 31ú Nollaig	Nótaí	2005 €000	2004 €000
<b>Glan-insreabhadh ó ghníomhaíochtaí oibríochta</b>	23(A)	<b>18,341</b>	45,362
<b>Seirbhísiú airgeadais</b>			
Ús íoctha	8	(1,423)	(2,977)
Mír úis ar chúisanna léasa airgeadais	8	(2,874)	(3,121)
Deontas Stáit - Ús DART	9	900	900
<b>Glan-eis-sreabhadh airgid ó sheirbhísiú airgeadais</b>		<b>(3,397)</b>	(5,198)
<b>Gníomhaíochtaí infheistíochta</b>			
Ceannach sócmhainní inláimhsithe		(254,185)	(263,670)
Díol sócmhainní inláimhsithe		109	132
Deontais chaipitil		316,851	133,739
<b>Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta</b>		<b>62,775</b>	(129,799)
<b>Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid roimh bhainistiú acmhainní leachtacha agus airgeadú</b>	23(B)	<b>77,719</b>	(89,635)
<b>Bainistiú acmhainní leachtacha</b>	23(B)	<b>(62,650)</b>	80,751
<b>Airgeadú</b>			
Mír chaipitil de chúisanna léasa airgeadais		(4,615)	(4,302)
<b>Glan-eis-sreabhadh airgid ó Airgeadú</b>	23(B)	<b>(4,615)</b>	(4,302)
<b>Méadú/(laghdú) in airgead sa bhliain</b>	23(B)	<b>10,454</b>	(13,186)
<b>Réiteach an ghlaninsreabhadh airgid le gluaiseacht i nglanfhiach</b>			
Méadú/(laghdú) in airgead sa bhliain		10,454	(13,186)
(Eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid ó iarmhéid na cuideachta sealbhaíochta, airgeadú léasa agus tograí Infheistíochta NDP maoinithe ag C.I.E.		67,265	(76,449)
Gluaiseacht i nglanfhiach sa bhliain		77,719	(89,635)
Glanfhiach amhail an 1ú Eanáir		(224,651)	(135,016)
<b>Glanfhiach amhail an 31ú Nollaig</b>		<b>(146,932)</b>	(224,651)

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. LÉARGAS AIRGEADAIS

Mar atá luaite i gcuntais na bliana roimhe seo, cheadaigh bord Iarnróid Éireann plean bainistithe i rith 2003 chun an chuideachta a thabhairt ar ais chuig cobhsaíocht airgeadais.

Áirítear ar chroíghnéithe an phlean seo laghdú ar an líon foirne, réadú na n-iostaí lastais iarnróid agus rialú docht ar chostais neamhshaothair. Rinneadh dul chun cinn i 2005 agus measann na stiúrthóirí go mbeidh an chuideachta in ann na spriocanna airgeadais sin a bhaint amach. Tá sé i gceist acu leanúint ar aghaidh ag cur míreanna lárnacha an phlean seo i bhfeidhm in 2006.

Le linn na gcuntas sin a cheadú, fuair na stiúrthóirí geallúint ó Chóras Iompair Éireann go leanfadh sé de bheith ag cur acmhainní airgeadais leordhóthanacha ar fáil chun ceanglais iasachta na cuideachta a mhaoiniú do 2006 agus 2007. Bunaithe ar an ngeallúint sin, measann na stiúrthóirí gur cuí é leanúint de bheith ag ullmhú na gcuntas seo ar bhonn gnóthais reatha.

2005	2004
€000	€000

## 2. ANAILÍS RANNÁIN AR AN gCUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS

### (A) Toradh na Cuideachta

**Easnamh oibríochta roimh ús oibríochta iníochta, deontais Stáit agus míreanna eisceachtúla;**

**Oibríochtaí ráille;**

Ráille príomhlíne (nóta 2B)	(55,904)	(54,715)
Ráille bruachbhailte (nóta 2C)	(19,416)	(23,210)
<b>Iomlán na n-oibríochtaí ráille</b>	<b>(75,320)</b>	<b>(77,925)</b>
Fóirdheontais agus deontais d'oibríochtaí Ráille	78,910	79,176

**Barrachas oibríochta roimh ús oibríochta agus míreanna eisceachtúla:**

<b>Oibríochtaí Ráille (Seirbhísí Lónadóireachta san áireamh)</b>	<b>3,590</b>	1,251
<b>Cothabháil Infrastruchtúir (nóta 2D)</b>	<b>12,413</b>	3,301
<b>Lastas bóthair (nóta 2E)</b>	<b>359</b>	1,195
<b>Europort Ros Láir (nóta 2F)</b>	<b>3,240</b>	2,648
<b>Barrachas oibríochta iomlán don bhliain roimh ús oibríochta agus míreanna eisceachtúla</b>	<b>19,602</b>	8,395
Ús	(4,297)	(6,098)
Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe	109	132
<b>Barrachas oibríochta iomlán roimh mhíreanna eisceachtúla</b>	<b>15,414</b>	2,429
Costais oibríochta eisceachtúla (nóta 5)	(7,887)	(19,174)
<b>Barrachas/(easnamh) don bhliain</b>	<b>7,527</b>	(16,745)

Ní eascraíonn aon mhuirear cánachais ar na torthaí don bhliain mar gheall nach bhfuil ioncain áirithe de chuid na cuideachta curtha san áireamh chun críocha cánach.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)

	2005 €000	2004 €000
<b>2. ANAILÍS RANNÁIN AR AN gCUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS (ar leanúint)</b>		
<b>(B) An rannán ráille príomhlíne</b>		
<b>Ioncam</b>	<b>139,841</b>	<b>135,761</b>
<b>Caiteachas</b>		
Cothabháil an stoic rollta	(46,624)	(44,879)
Breosla	(16,200)	(13,426)
Speansais oibríochta agus eile	(127,492)	(125,013)
Dímheas oibríochta	(18,508)	(19,337)
Amúchadh ar dheontais chaipitil	13,079	12,179
<b>Caiteachas iomlán</b>	<b>(195,745)</b>	<b>(190,476)</b>
<b>Easnamh oibríochta roimh ús oibríochta agus deontais Stáit</b>	<b>(55,904)</b>	<b>(54,715)</b>
<b>(C) An rannán ráille bruachbhailte</b>		
<b>Ioncam</b>	<b>42,019</b>	<b>37,554</b>
<b>Caiteachas</b>		
Cothabháil an stoic rollta	(13,495)	(12,652)
Breosla (lena n-áirítear leictreachas do tharraingt)	(6,220)	(4,280)
Speansais oibríochta agus eile	(38,637)	(36,693)
Dímheas oibríochta	(16,775)	(17,689)
Amúchadh ar dheontais chaipitil	13,692	10,550
<b>Caiteachas iomlán</b>	<b>(61,435)</b>	<b>(60,764)</b>
<b>Easnamh oibríochta roimh ús oibríochta agus deontais Stáit</b>	<b>(19,416)</b>	<b>(23,210)</b>
Áirítear sna figiúirí ar Chothabháil an stoic rollta i nóta 2(B) ar an ráille Príomhlíne agus i nóta 2(C) ar an ráille bruachbhailte		
Muirear dímheasta de	2,258	2,223
Amúchadh ar dheontais	1,268	1,195

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)

	2005 €000	2004 €000
<b>2. ANAILÍS RANNÁIN AR AN gCUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS (ar leanúint)</b>		
<b>(D) Cothabháil infrastructúir iarnróid</b>		
I gcomhlíonadh Threoir 91/440 ó Chomhairle an AE tá costais rannán bonneagair an iarnróid ríofa mar seo a leanas:		
Cothabháil na línte agus oibreacha iarnróid	(66,800)	(62,980)
Athnuachan ar línte agus oibreacha iarnróid	(87,601)	(55,696)
